**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**

**Ollscoil Mhá Nuad**

teg teastaseorpach na gaeilge

# *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*

# Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora

## 1 Meán Fómhair 2024 – 31 Lúnasa 2025

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

ALTE Q222

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Crannchur Náisiúnta

**Cúlra**
Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá in *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga.

Sa scrúdú seo, déantar tástáil ní hamháin ar a bhfuil sa siollabas don leibhéal seo ach, chomh maith leis sin, ar a bhfuil i siollabais Bhonnleibhéal 1 agus Bhonnleibhéal 2. Cuid mhór de na hiarrthóirí a thugann faoin scrúdú seo, is amhlaidh atá *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)* gnóthaithe acu cheana. Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal B1 den *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach* (2001). Meastar gur cheart d'iarrthóirí a bhfuil leibhéal Bhonnleibhéal 2 (A2) bainte amach acu timpeall 350-400 uair an chloig sa bhreis a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa teanga faoi leith.

**Líon na n-iarrthóirí**
Tugtar sa tábla thíos líon na n-iarrthóirí a thug faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* ón uair a bunaíodh é sa bhliain 2006. Ó 2012 i leith, tá páirtchreidiúint ar fáil d'iarrthóirí ar mian leo an scrúdú cainte amháin a dhéanamh.

| *Bliain* | *Líon iarrthóirí* |
|---|---|
| **2006** | 21 |
| **2007** | 34 |
| **2008** | 115 |
| **2009** | 144 |
| **2010** | 184 |
| **2011** | 99 |
| **2012** | 59* |
| **2013** | 98* |
| **2014** | 104* |
| **2015** | 138* |
| **2016** | 334* (143 PC) |
| **2017** | 135* (68 PC) |
| **2018** | 328* (144 PC) |
| **2019** | 1228* (847 PC) |
| **2020** | 1098* (821 PC) |
| **2021** | 1449* (1295 PC) |
| **2022** | 1358* |
| **2023** | 1582* (1143 PC) |
| **2024** | 1674* (1079 PC) |
| **2025** | 1695* (1011 PC) |

*Iarrthóirí a thug faoin pháirtchreidiúint (PC) san áireamh.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

Is é is ábhar don tuairisc seo, na scrúduithe ar fad (idir lánchreidiúint agus pháirtchreidiúint) a reáchtáladh ón chéad lá de Mheán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Cuirtear sainscrúduithe ag an leibhéal seo ar fáil ó am go chéile d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus d'eagraíochtaí a bhíonn ag earcú daoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge. Níl figiúirí a bhaineann leis na sainscrúduithe sin san áireamh sa tuairisc seo.

Tabhair faoi deara go bhfuil iarrthóirí a raibh sé i gceist acu cur isteach ar an Mháistir Gairmiúil san Oideachas (MGO), Bunmhúinteoireacht, san áireamh i líon na n-iarrthóirí a thug faoin pháirtchreidiúint.

Tá iarrthóirí a raibh sé i gceist acu cur isteach ar an dá chúrsa seo a leanas san áireamh i líon na n-iarrthóirí a thug faoin lánchreidiúint:

(a) an Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) in Institiúid Oideachais Marino

(b) M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge & Gaeltachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**Aiseolas ó na hiarrthóirí**

Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí go léir aiseolas a thabhairt do Lárionad na Gaeilge faoi cibé scrúdú a rinne siad. Iarrtar orthu ceistneoir a líonadh agus a dtuairimí a thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le Lárionad na Gaeilge feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

**Próifíl na n-iarrthóirí**

Bailítear eolas faoi chúlra na n-iarrthóirí ó na foirmeacha iarratais. Ag brath ar líon na n-iarrthóirí, déantar anailís ar an eolas sin, ó am go chéile, le cabhrú linn próifíl a chruthú den chineál foghlaimeora a thugann faoi na scrúduithe ag na leibhéil éagsúla. Tabhair faoi deara go mbaineann an t-eolas thíos leis na daoine fásta a chláraigh don lánchreidiúint le linn na tréimhse atá faoi chaibidil sa tuairisc seo.

*Aois, inscne agus náisiúntacht*

Mná ba ea thart ar 75% de na hiarrthóirí sa tréimhse seo. Éireannaigh ba ea beagnach 97% de na hiarrthóirí ar fad. Bhí 76% de na hiarrthóirí idir 18-25 bliain d'aois, beagán faoi bhun 12% idir 26-45 bliain d'aois agus beagán faoi bhun 7% os cionn 45 bliain d'aois.

*Cuntas gairid ar phróifíl oibre na n-iarrthóirí*

Tugtar eolas sa tábla thíos maidir le próifíl oibre na n-iarrthóirí sa tréimhse seo.

| ***Próifíl oibre*** | ***Céatadán*** |
|---|---|
| Mac léinn | 56% |
| Ag obair | 37% |
| Éirithe as | 3% |
| Dífhostaithe | 3% |
| Fear tí / bean tí | 1% |

*An fáth ar thug na hiarrthóirí faoin scrúdú*

Lorgaíodh eolas ó iarrthóirí maidir leis na cúiseanna ar thug siad faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*. Thug go leor de na hiarrthóirí níos mó ná cúis amháin. Tá torthaí na tréimhse 2024-2025 sa tábla thíos.

| ***Na cúiseanna a ndearna iarrthóirí an scrúdú*** | ***Céatadán*** |
|---|---|
| Chun na critéir iontrála do chúrsa faoi leith a shásamh | 71% |
| Spéis sa teanga | 15% |
| Chun cabhrú liom dul chun cinn i mo phost nó chun post eile a fháil | 8% |
| Ar chúiseanna eile | 3% |
| Chun cabhrú le hoideachas mo pháistí | 3% |

**Na hionaid scrúdaithe**
Sa bhliain 2006, ba in Ollscoil Mhá Nuad amháin a reáchtáladh *Scrúdú Mheánleibhéal 1(B1)*. Déantar na scrúduithe ar fad, *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* san áireamh, a reáchtáil sna hionaid seo a leanas anois (ag brath ar éileamh):

- Ollscoil Mhá Nuad
- Gaillimh
- Leitir Ceanainn
- Caisleán an Bharraigh
- Luimneach
- Corcaigh
- Ciarraí
- Cill Chainnigh
- Centre Culturel Irlandais, Páras

**An scrúdú**
Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*:

| | |
|---|---|
| Labhairt | 30% |
| Cluastuiscint | 25% |
| Léamhthuiscint | 25% |
| Scríbhneoireacht | 20% |

**An grádú**
Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir in *Scrúdú Mheánleibhéal 1* (B1) ná comhiomlán na marcanna a fhaigheann an t-iarrthóir i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe (cluastuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht). Níl aon phasmharc íosta ann do na comhpháirteanna féin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

Seo a leanas, sa tábla thíos, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú. Don pháirtchreidiúint ní bhíonn i gceist ach Pas nó Teip.

| *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* | |
|---|---|
| 80 - 100% | Pas le gradam |
| 65 - 79% | Pas le tuillteanas |
| 50 - 64% | Pas |
| 0 - 49% | Teip |

**Tabhair faoi deara go mbaineann na figiúirí thíos le daoine fásta a thug faoin scrúdú sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Tá figiúirí maidir le daltaí meánscoile le fáil i dtuairisc faoi leith.**

Ba chóir a lua nach mbíonn torthaí na n-iarrthóirí mar an gcéanna ó sheisiún go seisiún. Is measúnú de réir critéar atá i gceist sa scrúdú seo, murab ionann agus measúnú de réir an noirm. Déantar caighdeánú ar gach gné de dhearadh na dtascanna agus de sholáthar agus de ghrádú na scrúduithe. Ar an gcaoi sin, is féidir a dhearbhú go gcuirtear na caighdeáin chéanna i bhfeidhm i ngach leagan den scrúdú ó bhliain go bliain. Ní dhéantar na marcanna a choigeartú chun go mbeidh siad ag teacht le clogchuar (*bell curve*), beag beann ar na caighdeáin a bhainfeadh cohórt faoi leith amach. Is mar sin is féidir a chinntiú go bhfuil an luach céanna ag baint le grád faoi leith sa scrúdú ó bhliain go bliain, sa chaoi is go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag iarrthóirí ó bhliain go chéile.

**Na gráid a bronnadh sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025**
Sa tábla thíos, tá briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar iarrthóirí a rinne *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* sa tréimhse seo. Díol spéise is ea go raibh méadú ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo pas le tuillteanas a bhaint amach agus ar líon na n-iarrthóirí ar theip orthu i scrúdú lánchreidiúna B1 i mbliana i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

a) Lánchreidiúint

| *Grád* | *Céatadán na n-iarrthóirí* | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Pas le Gradam | 26.4% | 25% |
| Pass le Tuillteanas | 26.4% | 33% |
| Pas | 29.6% | 19% |
| Teip | 17.6% | 23% |

b) Páirtchreidiúint (scrúdú cainte)*

| *Grád* | *Céatadán na n-iarrthóirí* | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Pas | 82% | 85.6% |
| Teip | 18% | 14.4% |

© Ollscoil Mhá Nuad

* *Briseadh síos ar na marcanna a fuair na hiarrthóirí ar fad a rinne an scrúdú cainte chun páirtchreidiúint a bhaint amach. I measc na n-iarrthóirí sin bhí daoine a raibh sé i gceist acu cur isteach ar an MGO (Bunmhúinteoireacht). Bíonn orthu siúd 65%, nó os a chionn, a fháil sa scrúdú cainte ag Meánleibhéal 1 (B1) le bheith i dteideal cur isteach ar an chúrsa.*

***An scrúdú cluastuisceana***

Is é an scrúdú cluastuisceana an chéad chuid den scrúdú. Tugtar cúig nóiméad d'iarrthóirí chun na ceisteanna sa chuid seo a léamh sula seinntear na míreanna éisteachta. Maireann an chuid seo den scrúdú timpeall 30 nóiméad san iomlán. Léirítear an leagan amach a bhíonn ar an scrúdú cluastuisceana sa tábla thíos.

| *Ceist* | *Líon na míreanna* | *Cineál téacs* | *Formáid na bhfreagraí* | *Marcanna* | *Fócas an taisc* |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 6 | 3 fhógra | Freagra gearr / freagra ilroghnach | 12 marc | Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú (am, dáta, áit, imeacht etc.). |
| **2** | 6 | 3 chomhrá ghearra (idir chairde/ghaolta nó fostóir/oibrí, cúntóir siopa/custaiméir etc.). | Freagra gearr/ freagra ilroghnach | 12 marc | Ag éisteacht chun eolas faoi leith agus mionphointí eolais a aimsiú. |
| **3** | 6 | Agallamh ar chlár raidió | Freagra gearr/ freagra ilroghnach | 12 marc | Ag éisteacht chun mionsonraí a aimsiú agus tuairimí a aithint. |
| **4** | 6 | Comhrá níos faide idir chairde/ghaolta nó idir chomhoibrithe | Freagra ilroghnach (rogha idir fíor/ bréagach/ ní deirtear) | 12 marc | Ag éisteacht chun mionphointí céille a aimsiú agus dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint. |

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cluastuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Tháinig laghdú beag ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo 50% nó níos mó a bhaint amach i mbliana i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

| *Cluastuiscint* | | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó | 72.5% | 71% |
| Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50% | 27.5% | 29% |

*An scrúdú cluastuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

Ar an iomlán, d'éirigh go han-mhaith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana. Ba cheart d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú iarrthóirí díriú ar na pointí seo a leanas:

- Is gá d'iarrthóirí cur lena réimse stór focal chun go mbeidh siad in ann tabhairt faoin chluastuiscint ag an leibhéal seo. Féach *Meánleibhéal 1 (B1): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí le* haghaidh eolas cuimsitheach ar an stór focal a bhfuiltear ag súil leis ag an leibhéal seo.

- Meabhraítear d'iarrthóirí go mbaintear úsáid as seachránaitheoirí agus ceisteanna á scríobh do na míreanna cluastuisceana. D'fhéadfadh sé seo seachrán a chur ar an iarrthóir neamhaireach. Mar sin de, tá sé ríthábhachtach go n-éisteodh iarrthóirí ***leis an mhír iomlán*** sula roghnaíonn siad an freagra nó sula scríobhann siad síos an freagra. Is minic a chailleann iarrthóirí marcanna de bharr go mbreacann siad síos an chéad fhreagra a d'fhéadfadh a bheith ceart agus nach mbacann siad le héisteacht leis an chuid eile den mhír.

- Tá iarrthóirí ann a chailleann marcanna de bharr go dtugann siad cúpla 'freagra' san áit nach mbíonn ach freagra amháin ceart. Sna cásanna sin, ní bhronntar aon mharc ar an iarrthóir mar nach féidir a bheith cinnte gur thuig sé/sí an mhír i gceart. Mar shampla, i gcás na ceiste *Cén* ***phríomhchúis*** *nár éirigh le Peadar an traein a fháil?*, seans go luaitear cúpla cúis sa mhír éisteachta ach ní bheidh ach príomhchúis amháin ann. Ní bhronnfar aon mharc ar an iarrthóir a thugann na cúiseanna ar fad, fiú má bhíonn an phríomhchúis ina measc.

- Ba cheart d'iarrthóirí a bheith eolach ar na foirmeacha ceisteacha *Cén fhad? Cé leis?* agus araile.

- Níor cheart d'iarrthóirí am a chur amú ag scríobh abairtí iomlána nuair is leor focal nó dhó nó fiú uimhir a scríobh chun an cheist a fhreagairt.

- Moltar do mhúinteoirí réimse leathan téacsanna agus tascanna cluastuisceana a úsáid agus iad i mbun ullmhúcháin don chuid seo den scrúdú. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí cluastuisceana mar chuid lárnach agus leanúnach d'aon chlár teagaisc. D'fhéadfaí leas a bhaint as míreanna éagsúla ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar TG4. Bheadh sé úsáideach ag múinteoirí feidhm a bhaint as na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus ar Ros na Rún atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag https://snas.ie. Moltar d'iarrthóirí éisteacht le haon cheann de na

podchraoltaí Gaeilge éagsúla atá le fáil ar na hardáin mhóra, ina measc podchraoltaí de sheóanna ar Raidió na Gaeltachta m.sh. Adhmhaidin, Tús Áite, Bladhaire, Iris Aniar, An Saol ó Dheas agus Barrscéalta.

- Tá sé tábhachtach go gcuirfí meascán de na canúintí éagsúla faoi bhráid na bhfoghlaimeoirí.

- Ba cheart d'iarrthóirí a gcuid freagraí a bhreacadh síos le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an taifeadadh. Ní thugtar am sa bhreis ag deireadh an scrúdaithe le freagraí a bhreacadh síos ná le freagraí a aistriú ón pháipéar garbh go dtí an freagarleabhar.

***An scrúdú léamhthuisceana***
Bíonn nócha nóiméad ag iarrthóirí chun tabhairt faoin léamhthuiscint agus faoin scríbhneoireacht. Ní thugtar aon treoir maidir leis an mhéid ama atá iarrthóirí in ainm a chaitheamh ar na comhpháirteanna nó ar na tascanna éagsúla. Tugtar an leagan amach agus na sonraí ar fad a bhaineann leis an scrúdú léamhthuisceana sa tábla thíos.

| Ceist | Líon na míreanna | Cineál téacs | Formáid na bhfreagraí | Marcanna | Fócas an taisc |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 5 | Téacsanna gearra eolais (ríomhphoist, fógraí, nótaí srl.) | Freagra ilroghnach (3 rogha) | 10 marc | Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú. |
| **2** | 7 | Litir neamhfhoirmiúil, alt nuachtáin/ irise, píosa ó shuíomh gréasáin nó sliocht as bróisiúr/ leabhar | Freagra ilroghnach (3 rogha) / freagra gearr | 14 mharc | Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí a aithint. |
| **3** | 8 | Alt nuachtáin nó irise | Freagra ilroghnach (3 rogha) / freagra gearr | 16 mharc | Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí a aithint. |

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú léamhthuisceana*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú léamhthuisceana sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Tháinig méadú beag laghdú i mbliana ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo 50% nó níos mó a bhaint amach i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

| *Léamhthuiscint* | | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó | 66% | 69% |
| Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50% | 34% | 31% |

*An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

Bhí líon na n-iarrthóirí a fuair pas sa rannóg seo sách ard. Is gá d'iarrthóirí am a chaitheamh ag léamh agus ag obair ar chineálacha difriúla téacsanna. Ba cheart díriú ar na pointí seo a leanas:

- Meabhraítear d'iarrthóirí go mbaintear úsáid as seachránaitheoirí uaireanta agus ceisteanna á scríobh do na míreanna léamhthuisceana. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go dtógfadh iarrthóirí an t-am ***leis an téacs iomlán a léamh*** sula roghnaíonn siad freagra. Is minic a chailleann iarrthóirí marcanna de bharr go mbreacann siad síos an chéad fhreagra a d'fhéadfadh a bheith ceart agus nach mbacann siad leis an chuid eile den phíosa a léamh.

- Moltar d'iarrthóirí na ceisteanna a léamh go cúramach agus cibé treoir a thugtar a leanúint. Mar shampla, más í an cheist a chuirtear ná *Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar dhearcadh Áine maidir le spórt?*, gach seans go bhfuil cuid de na ráitis ***fíor go pointe*** ach gur ráiteas amháin acu a dhéanfaidh cur síos cuimsitheach ar dhearcadh Áine. Fiú mura bhfuil iarrthóir iomlán cinnte, is fearr dó ráiteas amháin a roghnú seachas dhá cheann. Tá seans acu marcanna a ghnóthú má dhéanann siad sin. Ar an lámh eile, ní féidir aon mharc a bhronnadh ar an iarrthóir a roghnaíonn níos mó ná ráiteas amháin i gceist mar seo.

- Nuair a bhíonn ceisteanna oscailte in úsáid, mar shampla, i gCeist 2 agus i gCeist 3, ní gá d'iarrthóirí abairtí iomlána a scríobh. Go minic, is leor uimhreacha a scríobh. Is é an rud is tábhachtaí ná go dtugtar an t-eolas ceart.

- Is minic a bhíonn iarrthóirí róbhuartha nuair nach dtuigeann siad brí gach focail agus gach frása i dtéacs léitheoireachta. Bíonn an baol ann go gcaithfidh siad an iomarca ama ar na rudaí nach bhfuil ar eolas acu. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeadh taithí ag iarrthóirí ar na seifteanna a d'fhéadfaí a úsáid nuair a tharlaíonn sé sin. Is é an rud is tábhachtaí ná nach gcaillfeadh iarrthóirí a misneach ach go mbainfidís úsáid as straitéis éigin, ar nós chomhthéacs an phíosa, chun buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall agus ansin leanúint ar aghaidh leis an chuid eile den téacs.

- Ba cheart réimse leathan téacsanna agus tascanna léitheoireachta a chur faoi bhráid foghlaimeoirí a bhíonn ag ullmhú don scrúdú seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh aidhm chinnte le gach tasc léitheoireachta a thugtar dóibh. Ba cheart go mbeadh taithí ag foghlaimeoirí ar shracléamh a dhéanamh ar théacs chun brí ghinearálta an phíosa a aimsiú, mar shampla. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeidís in ann

eochairfhocail a aimsiú sa téacs nó an téacs a léamh go cúramach le heolas faoi leith a fháil nó le dearcadh agus tuairimí a aithint agus a thuiscint.

***An scrúdú scríbhneoireachta***

Déantar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí téacsanna gearra neamhfhoirmiúla a scríobh agus ar an eolas atá acu ar bhunstruchtúir na teanga maidir le cúrsaí gramadaí agus le stór focal. Tá gach eolas a bhaineann leis an scrúdú scríbhneoireachta leagtha amach sa tábla thíos.

| ***Ceist*** | ***Líon na míreanna*** | ***Cineál téacs*** | ***Formáid na bhfreagraí*** | ***Marcanna*** | ***Fócas an taisc*** |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 10 | Ríomhphost, litir ghearr nó nóta | Triail iomlánaithe (oscailte) | 10 marc | Ag soláthar focal oiriúnach. Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga. |
| **2** | 1 | Ríomhphost nó nóta neamhfhoirmiúil | Tasc treoraithe | 15 mharc | Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga, mar aon le comhleanúnachas téacs. |
| **3** | 1 | Litir neamhfhoirmiúil | Tasc treoraithe | 25 mharc | Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga, mar aon le comhleanúnachas téacs. |

*Na marcanna sa scrúdú scríbhneoireachta*

Tá 20% de na marcanna ag dul don rannóg scríbhneoireachta ag an leibhéal seo. Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú scríbhneoireachta sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Tháinig méadú beag i mbliana ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo 50% nó níos mó a bhaint amach i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

| ***Scríbhneoireacht*** | | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó | 82.4% | 85% |
| Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó | 17.6% | 15% |

*An scrúdú scríbhneoireachta - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

B'fhiú d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí aird faoi leith a dhíriú ar na pointí seo a leanas:

- Má bhíonn ar iarrthóirí litir a scríobh, ba cheart go dtuigfidís an tábhacht a bhaineann leis an leagan amach ceart a bheith uirthi. Ba cheart go mbeidís in ann

tús, lár agus deireadh oiriúnach a chur ar an litir agus go mbainfidís an úsáid cheart as paragraif le heagar a chur ar a gcuid pointí.

- I gCeist 1, bíonn ar iarrthóirí téacs a léamh agus focal a scríobh i ndeich mbearna. Tá sé tábhachtach nach ndéanfadh iarrthóirí ach ***focal amháin*** a chur i ngach bearna; níor cheart dóibh roghanna a thabhairt. Chomh maith leis sin, caithfidh iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de chruinneas an fhocail a scríobhann siad. Uaireanta, aimsíonn siad an focal ceart don bhearna ach ní dhéanann siad é a litriú i gceart nó fágann siad séimhiú, urú nó síneadh fada ar lár. Mar sin de, agus iad ag líonadh na bearna, ba chóir d'iarrthóirí breathnú ar cad é a thagann roimh an bhearna go bhfeicfidh siad an bhfuil aon athrú le déanamh ar an bhunfhocal atá le scríobh acu. Seo mar shampla, abairt ó cheann de na scrúduithe: *Bhí sé chomh deacair agam éirí ar maidin agus dul ag obair mar bhí mé an- __________ tar éis an turais fhada*. Scríobh na hiarrthóirí is fearr *tuirseach* ach scríobh iarrthóirí eile *thuirseach* nó *túirseach* nó a leithéid.

- I gCeist 2 agus i gCeist 3 sa scrúdú scríbhneoireachta, tugtar treoracha soiléire d'iarrthóirí maidir le cad é go díreach atá le scríobh acu agus maidir le líon na bhfocal atá de dhíth. Tá sé ríthábhachtach go gcloífeadh iarrthóirí leis an ábhar agus nach rachaidís rófhada thar an teorainn focal atá leagtha síos don cheist. Bíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí cibé am atá fágtha acu ag deireadh an scrúdaithe a chaitheamh ag scríobh freagraí fada. Moltar go láidir dóibh gan é sin a dhéanamh. Ba cheart dóibh am a chaitheamh ag deireadh an scrúdaithe ag athléamh an méid a scríobh siad agus ag déanamh cibé obair eagarthóireachta is gá.

- Seo a leanas cuid de na botúin is coitianta a rinne iarrthóirí sa scríobh (féach chomh maith an méid atá in *Tuairisc Scrúdú Bhonnleibhéal 2* (A2).

  (1) Tá roinnt focal ann a mhílitrítear go rialta, e.g. *suimiúil*, *deacair, álainn*. Tá focail eile a mbíonn deacrachtaí ag iarrthóirí leo go minic - *ag buala le* (bualadh), *go leoir* (leor) agus *slán go foil* (fóill). Is minic a bhíonn mearbhall ar iarrthóirí maidir leis na difríochtaí idir *ag éirí* v *ag iarraidh*, idir *fiú* v *cé go bhfuil* agus idir *ag súil* agus *ag siúl*.

  (2) Bíonn deacrachtaí le hainmfhocail san uimhir iolra agus ainmfhocail san iolra + aidiacht ach go háirithe, e.g. *na bialainn* (na bialanna), *na hóstán* (na hóstáin), *duine áitiúla* (daoine áitiúla), *siopaí uaithúil* (siopaí uathúla).

  (3) Is minic a bhíonn síntí fada ar lár nó míleanúnachas maidir le húsáid na síntí fada, e.g. *duirt* (dúirt), *dheanamh* (dhéanamh), *is feidir* (is féidir), *uafasach* (uafásach).

  (4) Ba cheart go mbeadh inscne na n-ainmfhocal is coitianta sa Ghaeilge ar eolas ag iarrthóirí. Is léir go mbíonn deacrachtaí acu leis an ghné seo den ghramadach, e.g. *an mhúinteoir* (an múinteoir), *an maidin* (an mhaidin), *an thicéad* (an ticéad), *an bean* (an bhean) agus araile.

(5) Ba chóir d'iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh d'úsáid na mbriathra agus na n-aimsirí. Ag an leibhéal seo, níor cheart go léireodh aon iarrthóir deacrachtaí leanúnacha maidir le húsáid na bpríomhaimsirí (láithreach, gnáthláithreach, caite agus fáistineach). Níor cheart, ach an oiread, go mbeadh fadhbanna leanúnacha acu leis na míreanna ceisteacha agus diúltacha ná leis an chlaoninsint agus iad ag úsáid na n-aimsirí sin.

(6) Is minic a bhíonn míthuiscint faoi úsáid briathra san aimsir chaite a bhfuil guta nó *f* ar a dtús, e.g. *Ar d'fhan?* (ar fhan?), *ar d'ith?* (ar ith?).

(7) Bíonn deacrachtaí ag roinnt iarrthóirí an fhoirm cheart a úsáid do chéimeanna comparáide na haidiachta, e.g. *níos costasach* (níos costasaí), *níos mór* (níos mó), *níos deasa* (níos deise).

(8) Is minic go mbíonn botúin ann maidir le húsáid na réamhfhocal simplí agus an réamhfhocal leis an alt e.g. *faoi mí* (faoi mhí)*, do duine* (do dhuine), *chuig an ceolchoirm* (chuig an gceolchoirm/cheolchoirm) *le na roghanna* (leis na roghanna), *ag an t-aerfort* (ag an aerfort), *leis an theach* (leis an teach). Cuireann iarrthóirí áirithe séimhiú tar éis an réamhfhocail *le*. Bíonn struchtúir mar seo in úsáid acu freisin – *Tabharfaidh mé mo thicéad le mo dheirfiúr* (Tabharfaidh mé mo thicéad do mo dheirfiúr), *Tá aithne agat le mo chol ceathrar* (Tá aithne agat ar mo chol ceathrar).

(9) Bíonn mearbhall ar iarrthóirí maidir leis an difear céille idir *Buíochas le Dia* agus *Le cúnamh Dé*.

(10) Fleiscín nó uaschamóg i ndiaidh *h*, e.g. *Tá na h-áiseanna go maith* (Tá na háiseanna go maith), *Tá an áit go h-álainn* (Tá an áit go hálainn).

(11) Uimhreacha agus ainmfhocail, e.g. *Tá ceithre seomra sa teach* (Tá ceithre sheomra sa teach).

Go hachomair, bíonn claonadh ag iarrthóirí laga a bheith míchúramach agus iad ag scríobh na teanga. Is minic a bhíonn focal litrithe i gceart acu ar líne amháin agus mícheart ar líne eile. Léirítear easpa cúraim maidir le síntí fada, bunstruchtúir ghramadaí, ceannlitreacha agus poncaíocht go háirithe. Le dul i ngleic leis na deacrachtaí seo, agus le cabhrú le feasacht an fhoghlaimeora, seo a leanas roinnt cleachtas a mholtar do mhúinteoirí:

1) cabhrú le foghlaimeoirí monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar an mhéid a scríobhann siad.
2) cabhrú leo na botúin is coitianta a dhéanann siad a aithint.
3) cabhrú leo na foinsí tagartha (leabhair ghramadaí agus foclóirí) a úsáid i gceart.
4) cur ina luí orthu gur gá am a thógáil i gcónaí le hathbhreithniú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar an mhéid a scríobhann siad.

***An scrúdú cainte***

Iarrthóir amháin a chuirtear faoi scrúdú ag aon am amháin. Bíonn beirt scrúdaitheoirí i láthair, duine amháin acu sin ag plé leis an iarrthóir, ag cur na gceisteanna agus ag riar an scrúdaithe. Déantar taifeadadh ar scrúduithe cainte d'fhonn monatóireacht a dhéanamh agus don dearbhú cáilíochta. D'fhéadfaí go mbainfí úsáid as taifeadtaí anaithniditheithe ar mhaithe le hoiliúint agus taighde chomh maith. Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann tuairimí simplí a nochtadh maidir le hábhair a bhaineann lena saol féin agus cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla dóibh agus ar phleananna atá acu. Beifear ag súil leis chomh maith go léireoidh na hiarrthóirí ag an leibhéal seo go bhfuil ar a gcumas píosa níos faide cainte a eagrú agus a chur i dtoll a chéile ná mar a dhéanann iarrthóirí ag Bonnleibhéal 2 (A2). Tá na sonraí a bhaineann leis an scrúdú cainte leagtha amach sa tábla thíos.

| ***Cuid*** | ***Am*** | ***Cineál taisc*** | ***Feidhmeanna teanga*** |
|---|---|---|---|
| **1** | 5-6 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal etc.). | Ag tabhairt eolais agus ag léiriú tuairimí. |
| **2** | 1 Nóiméad ag ullmhú;<br><br>3-4 nóiméad cainte | Rólghníomhaíocht:<br>(1) Tugtar cárta don iarrthóir sa scrúdú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le *scenarios* éagsúla (imeachtaí/ pleananna/ socruithe /eispéiris agus araile). Bíonn nóiméad amháin ag an iarrthóir leis an eolas a léamh. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir leis an eolas ar an gcárta rólghníomhaíochta.<br>(2) Beidh cárta ag an scrúdaitheoir ar a bhfuil macasamhail an eolais a bhí ar chárta an iarrthóra. An uair seo, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir faoin eolas atá léirithe ar an rólchárta atá aigesean/aicise. | Ag tabhairt eolais.<br>Ag lorg eolais.<br>Ag léiriú tuairimí. |
| **3** | 1 nóiméad ag ullmhú;<br><br>3-4 nóiméad cainte | Ag insint scéal simplí:<br>Tugtar sraith 6 phictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an mhéid atá ag tarlú sna pictiúir. Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna ar an iarrthóir má cheapann sé/sí go bhfuil eolas fágtha ar lár ag an iarrthóir nó má bhíonn eolas breise de dhíth faoi aon cheann de na pictiúir. | Ag déanamh cur síos ar phictiúir agus ar an mhéid atá ag tarlú iontu. |

Féach na scrúduithe cainte samplacha.

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte*
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cainte sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go dtí 31 Lúnasa 2025. Tháinig laghdú beag ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo 50% nó níos mó a bhaint amach i mbliana i gcomparáid leis an mbliain seo caite i gcás na lánchreidiúna ach méadú beag a tháinig ar líon na n-iarrthóirí ar éirigh leo 50% a bhaint amach sa scrúdú páirtchreidiúna.

(a) Iarrthóirí a rinne lánchreidiúint:

| *Scrúdú cainte* | | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó | 91.2% | 89% |
| Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50% | 8.8% | 11% |

(b) Iarrthóirí a rinne an pháirtchreidiúint: (scrúdú cainte)

| *Grád* | *Céatadán na n-iarrthóirí* | |
|---|---|---|
| | 2023-2024 | 2024-2025 |
| Pas | 82% | 85.6% |
| Teip | 18% | 14.4% |

*An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

Tabhair faoi deara go bhfuil físeán eolais ar fáil ar shuíomh TEG a léiríonn leagan amach scrúdú cainte Mheánleibhéal 1 (B1). Is féidir breathnú ar an fhíseán anseo. Tá roinnt pointí thíos ar cheart d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí aird a thabhairt orthu.

- I gCuid 1 den scrúdú cainte, cuirtear ceisteanna ginearálta ar iarrthóirí faoi thopaicí a bhaineann go dlúth lena saol féin. Bítear ag súil le hiarrthóirí atá ag déanamh *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* a bheith in ann a gcuid freagraí a fhorbairt go measartha maith. Bíonn sé an-deacair breithiúnas ceart a thabhairt ar chumas Gaeilge iarrthóra nuair nach ndéanann sé/sí aon fhorbairt ar cheann ar bith de na ceisteanna. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a gcuid freagraí a leathnú agus samplaí a sholáthar, más gá. Féach, mar shampla, caint Iarrthóir 3 thíos. Ar ndóigh, tuigtear nach mbeidh caint aon iarrthóra ag an leibhéal seo saor ó locht ná ó bhotúin.

  Scrúdaitheoir: An bhfuil tú ag freastal ar chúrsa Gaeilge faoi láthair?
  Iarrthóir 1: Tá. Tá mé ag dul chuig rang sa chathair.
  Iarrthóir 2: Rinne mé ceann an bhliain seo caite – bhí sé go maith.
  Iarrthóir 3: Tá. Tá mé ag freastal ar chúrsa istigh i lár na cathrach. Bíonn sé ar siúl gach Luan agus bainim an-sult as de ghnáth. Déanaimid gramadach agus cluichí. Bíonn an ghramadach leadránach ach bíonn spórt againn leis na cluichí. Tá an múinteoir an-mhaith ar fad.

- Bíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí focail Bhéarla a úsáid ina gcuid cainte. Tá dhá rud le rá faoi seo. Ar dtús, bheifí ag súil go mbeadh an bunfhoclóir atá le fáil i Siollabais A1, A2 agus B1 ar eolas ag iarrthóirí. Mar sin, is cinnte go gcaillfidh siad marcanna má bhíonn focail ar nós *hotel*, *wage* nó *film* in úsáid acu. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh na straitéisí cuí ag iarrthóirí le bearnaí ina gcuid eolais a chúiteamh nó chun déileáil le haon deacrachtaí a thagann chun cinn agus iad i mbun cumarsáide leis an scrúdaitheoir. Is samplaí de sin soiléiriú a lorg nó iarraidh ar an scrúdaitheoir rud a rá arís, focal nó frása a rá ar bhealach eile, a rá go bhfuil focal éigin ann nach dtuigeann siad, úsáid a bhaint as frása faoi leith le deis mhachnaimh a fháil agus araile.

- Ba cheart d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt ar an scéal ar a bhfuil an rólghníomhaíocht bunaithe. Cuir i gcás, seo é an scéal don rólghníomhaíocht i Scrúdú Samplach 1: 'Beidh tú ag bogadh isteach i dteach nua go luath le roinnt cairde.' Tá sé tábhachtach go mbeadh baint dhíreach ag freagraí agus ceisteanna an iarrthóra leis an scéal sin. Tabhair faoi deara go mbaineann an scéal sin leis **an am atá le teacht** agus gur cheart go mbeadh freagraí agus ceisteanna an iarrthóra san aimsir fháistineach dá réir sin.

- Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go mbeadh comhleanúnachas agus léirchruinneas sa chur síos a dhéanann iarrthóirí ar an tsraith pictiúr. Is é atá i gceist le léirchruinneas ná an cumas atá ag iarrthóir cuntas loighciúil comhleanúnach a thabhairt ar an ábhar agus ar na gníomhartha atá á léiriú sna pictiúir. Is ionann é sin agus a rá go mbeidh an scrúdaitheoir in ann ciall a bhaint as an gcur síos ina iomláine. Féach, mar shampla, sraith pictiúr ina léirítear an scéal seo: bhí drochaimsir ann; bhí Seán ag imirt peile; thit sé agus bhain gortú dó. Measfar cur síos an iarrthóra a bheith míchruinn má thugtar eolas atá ag teacht salach ar an scéal sin, mar shampla 'Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus thit Seán agus bhí sé ar mhuin na muice'.

- Meabhraítear d'iarrthóirí go bhféadfadh an scrúdaitheoir focail/frásaí ar nós 'suimiúil', 'an-mhaith', 'go maith' srl., a úsáid le linn an chomhrá lena léiriú go bhfuil sé/sí ag éisteacht leis an iarrthóir. Is gné nádúrtha é seo de chomhrá agus ní measúnú ná tagairt atá ann do chumas Gaeilge an iarrthóra ná ar conas atá ag éirí leis/léi sa scrúdú.

- Seo thíos roinnt de na botúin is coitianta a rinne iarrthóirí ag an leibhéal seo sa scrúdú cainte:

(1) Na haimsirí measctha in abairtí mar seo – *Bhuail mé le daoine agus bímid ag ceol le chéile* (Buailim le daoine…), *Bím ag seinm ar an ghiotár agus uaireanta beidh mé ag canadh* (….agus uaireanta bím ag canadh), *Gach lá d'fhág mé an teach ar a hocht* (…fágaim an teach ar a hocht). Bheifí ag súil leis ag an leibhéal seo go mbeadh smacht an-mhaith ar fad ag iarrthóirí ar an aimsir láithreach agus ar an aimsir chaite, go háirithe agus iad ag plé le topaicí ar nós a saol oibre agus caitheamh aimsire.

(2) Fágtar an séimhiú ar lár tar éis 'gur' agus tar éis na míre coibhneasta 'a', e.g. *Dúirt sé gur cas sé le Máire* (Dúirt sé gur chas sé le Máire), *Nuair a téim* (Nuair a théim), *Nuair a beidh am agam* (Nuair a bheidh am agam).

(3) Mí-úsáid na copaile, e.g. *Tá siad daoine óga* (Is daoine óga iad), *tá sé turas fada* (Is turas fada é/ Turas fada atá ann).

(4) Mí-úsáid an ailt, e.g. *an muinitir na háite (*muintir na háite*), sa/ar an mBaile Átha Cliath (*i mBaile Átha Cliath*).*

(5) Struchtúr na habairte, e.g. *Taitním an bia (*Taitníonn an bia liom*), Ba mhaith liom ag dul go dtí (*Ba mhaith liom dul go dtí*).*

(6) Úsáid an ainm bhriathartha, e.g. *Ba mhaith leo uachtar reoite a ceannaigh* (...a cheannach), *Is maith liom ag éist* (...éisteacht/a bheith ag éisteacht*), Is féidir leat téigh isteach* (...dul isteach).

(7) Úsáid na n-uimhreacha, e.g. *beirt duine* (beirt), *triúr chara* (triúr cairde), *dhá fhear* (beirt fhear), *an dara phictiúr* (an dara pictiúr).

(8) Is minic a thugann iarrthóirí, fiú ag an leibhéal seo, *is ea* nó *tá* mar fhreagra ar gach cineál ceiste. Féach na samplaí thíos:

Scrúdaitheoir: An maith leat ceol?
Iarrthóir: Is ea. (Is maith / Ní maith).

Scrúdaitheoir: An imríonn tú aon spórt?
Iarrthóir: Is ea. (Imrím / Ní imrím).

Scrúdaitheoir: An as Corcaigh tú?
Iarrthóir: Tá. / Tá mé. (Is ea / Ní hea).

Scrúdaitheoir: An tusa is óige sa chlann?
Iarrthóir: Tá. Tá mé. (Is mé / Ní mé).

(9) Uatha agus iolra, e.g. *Déanann sí a lán béile blasta* (…a lán béilí blasta), *na rang* (na ranganna), *ar na múinteoir* (ar na múinteoirí), *an daoine óga* (na daoine óga).

(10) Réamhfhocail shimplí agus réamhfhocail leis an alt, e.g. *Tá clog sa balla* (Tá clog ar an bhalla/mballa), *dul go dtí phictiúrlann* (dul go dtí an phictiúrlann), *Tá eagla aici* (Tá eagla uirthi), *Tá sé ar an cathaoir* (Tá sé ar an chathaoir/gcathaoir), *Thug mé cuairt don músaem* (…ar an mhúsaem), *ag staidéar ar an scrúdú* (…don scrúdú), *ag éisteacht ar ceol* (…le ceol), *ar an t-urlár* (...ar an urlár).

(11) Forainmneacha réamhfhoclacha, e.g. *D'inis mé leo* (D'inis mé dóibh).

(12) Focail treochta agus dobhriathra, e.g. thuas v suas / anseo v ansin / amach v amuigh

(13) Ainmfhocail v aidiachtaí, e.g. *Bhí an fear fearg* (...feargach), *Bhí brónach ar an mbean* (Bhí brón ar an mbean/Bhí an bhean brónach).

(14) Briathra faoi leith, e.g. feic vs féach. *Feicim an teilifís* (Féachaim ar an teilifís).

(15) An briathar *cónaigh*, e.g. *Tá mé i mo cónaí i …* (Tá mé i mo chónaí i ...), *Tá sí ina chónaí i ...* (Tá sí ina cónaí i...).

(16) An focal *cúpla* agus uimhir iolra in ionad uimhir uatha, e.g. *Téim ag siúl le cúpla daoine/cairde eile* (Téim ag siúl le cúpla duine/cara eile).

(17) Céimeanna comparáide na haidiachta, e.g. *níos mó deacair* (níos deacra), níos mó fusa (níos fusa)

**Moltaí ginearálta**

- Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí grinnstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na treoracha a théann leo. Tá siad le fáil **anseo** ar an suíomh.
- Tá teacht chomh maith ar ábhar samplach teagaisc atá oiriúnach do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú iarrthóirí do *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*. Tá teacht ar threoracha don mhúinteoir, bileoga oibre agus comhaid fuaime **anseo**.
- Tá acmhainní eile foghlama agus teagaisc ann a bheadh úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí ag an leibhéal seo. Féach, mar shampla, na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus ar Ros na Rún atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag https://snas.ie.
- Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar iarrthóirí an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh a léamh go cúramach. Is ar shuíomh TEG www.teg.ie a bhíonn an t-eolas is déanaí maidir le dátaí na scrúduithe agus is ansin a bhíonn eolas faoi aon uasdátú maidir le hábhair na scrúduithe.